AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.9.2011
COIM(2011) 598 leagan deireanach

2011/0260 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle maidir le roinnt tíortha a eisiamh ó liosta na réigiún nó na stát a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Tar éis phróiseas caibidlíochta na gComhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (EPA) leis na réigiúin ACC (Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin) a thosaigh in 2002 agus a tugadh i gcrích i Nollaig 2007, tá roinnt tíortha ann nach ndearna na bearta is gá chun EPA a dhaingniú ná nár thug caibidlíochtaí réigiúnacha cuimsitheacha i gcrích.

Go háirithe, tá Poblacht na Burúine, Aontas Oileáin Chomóra, Poblacht Ghána, Poblacht na Céinia, Poblacht na Namaibe, Poblacht Ruanda, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Uganda, Poblacht na Saimbia tar éis caibidlíochtaí a thabhairt i gcrích ach níor shínigh siad a gComhaontuithe faoi seach.

Tá Poblacht na Botsuáine, Poblacht Chamarún, Poblacht an Chósta Eabhair, Poblacht Fhidsí, Poblacht Háítí, Ríocht Leosóta, Poblacht Mhósaimbíc, Ríocht na Suasalainne, agus Poblacht na Siombáibe tar éis síniú ach ní dhearna siad na bearta is gá chun a gComhaontuithe faoi seach a dhaingniú.

Dá bhrí sin, ní chomhlíonann na tíortha seo coinníollacha an Rialacháin um Rochtain ar an Margadh maidir le cur i bhfeidhm réamhtheachtach sealadach fabhar trádála a tugadh dóibh amhail ón 1 Eanáir 2008 in oirchill na bearta a dhéanamh chun EPA a dhaingniú. De réir na gcritéar atá leagtha amach in Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007, ní ceart na fabhair thrádála do na tíortha seo a choimeád níos a thuilleadh. Leis an togra a ghabhann leis seo beartaítear an liosta tíortha a bhaineann tairbhe as na fabhair (Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle) a leasú trí na tíortha a bhaint nach bhfuil na bearta chun EPA a dhaingniú déanta acu go fóill. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair chun a áirithiú go mbeidh na tíortha seo ina bpáirtithe conarthacha d'EPA, agus bainfidh sé úsáid iomlán as an mborradh a tháinig le déanaí ar na caibidlíochtaí éagsúla chun córas trádála fadtéarmach inbhuanaithe a chruthú leis na comhpháirtithe seo i gcomhréir leis na treoracha maidir le caibidlíocht an EPA agus na tosaíochtaí atá leagtha amach i gComhaontú Cotonou.

Tá an Coimisiún tar éis a chur i bhfios don Chomhairle, do Pharlaimint na hEorpa, do ghrúpa na Stát ACC agus don tsochaí shibhialta nach bhfuil an staid reatha inbhuanaithe, mar go dtugtar rochtain fós ar an margadh saor ó dhleacht agus saor ó chuóta do thíortha is tairbhithe nach bhfuil na bearta á ndéanamh acu is gá chun na comhaontuithe ar a bhfuil an rochtain seo bunaithe a dhaingniú, rud a fhágann go gcuirtear deireadh leis an mbonn cirt chun é a chur i bhfeidhm go sealadach réamhtheachtach.

Dá mba rud é go ndéanfadh na tíortha a bhaintear d'Iarscríbhinn I na bearta is gá chun EPA a dhaingniú, leanfaidís siad de thairbhe a bhaint as na fabhair thrádála faoi seach agus d'fhéadfaí iad a ath-fhorchur san Iarscríbhinn chomh luath agus is féidir chun go leanfaidís de rochtain a bheith acu ar an margadh. Chun na críche sin ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE chun Iarscríbhinn I a leasú chun na tíortha sin a athshuíomh/a chur ar ais ann.

2011/0260 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle maidir le roinnt tíortha a eisiamh ó liosta na réigiún nó na stát a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí Náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Rinneadh caibidlíocht ar na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch ('na Comhaontuithe') a thabhairt i gcrích idir:
Stáit CARIFORUM de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, an 16 Nollaig 2007;

An Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit de pháirt amháin agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, an 17 Nollaig 2007 (Poblacht Chamarún);

Gána de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, an 13 Nollaig 2007;

An Cósta Eabhair de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, an 7 Nollaig 2007;

Stáit Oirthear agus Dheisceart na hAfraice de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, an 28 Samhain 2007 (Poblacht na Séiséal agus Poblacht na Siombáibe), an 4 Nollaig 2007 (Poblacht Oileán Mhuirís), an 11 Nollaig 2007 (Aontas Oileáin Chomóra agus Poblacht Mhadagascar) agus an 30 Meán Fómhair 2008 (Poblacht na Saimbia);

Na stáit sa Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch le Comhphobal Forbartha Dheisceart na hAfraice (SADC EPA) de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit de pháirt eile, an 23 Samhain 2007 (Poblacht na Botsuáine, Ríocht Leosóta, Ríocht na Suasalainne, Poblacht Mhósaimbíc) agus an 3 Nollaig 2007 (Poblacht na Namaibe);

Na Stáit is Comhpháirtithe ó Chomhphobal Oirthear na hAfraice de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit den pháirt eile, an 27 Samhain 2007;

Stáit an Aigéin Chiúin de pháirt amháin agus an Comhphobal Eorpach, den pháirt eile, an 23 Nollaig 2007.

(2) I ngeall ar chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích maidir le Comhaontuithe ag na tíortha seo a leanas: Antigua agus Barbúda, Comhlathas na mBahámaí, Barbadós, an Bheilís, Poblacht na Botsuáine, Poblacht na Burúine, Poblacht Chamarún, Aontas Oileáin Chomóra, Poblacht an Chósta Eabhair, Comhlathas Dhoiminice, Poblacht Fhidsí, Poblacht Ghána, Greanáda, Comharphoblacht na Guáine, Poblacht Háítí, Iamáice, Poblacht na Céinia, Ríocht Leosóta, Poblacht Mhadagascar, Poblacht Oileán Mhuirís, Poblacht Mhósaimbíc, Poblacht na Namaibe, Stát Neamhspleách Nua-Ghuine Phapua, Poblacht Ruanda, Cónaidhm San Críostóir-Nimheas, Saint Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Poblacht na Séiséal, Poblacht Shuranam, Ríocht na Suasalainne, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Oileán na Tríonóide agus Tobága, Poblacht Uganda, Poblacht na Saimbia[1] agus Poblacht na Siombáibe, ceadaíodh iad a áireamh in Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle, an 20 Nollaig 2007 lena gcuirtear chun feidhme na socruithe maidir le táirgí de thionscnamh Stát áirithe is cuid de Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) dá bhforáiltear i gcomhaontuithe lena mbunaítear Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, nó as ar tháinig bunú na gComhaontuithe sin[2].

(3) Maidir le Poblacht na Botsuáine, Poblacht na Burúine, Poblacht Chamarún, Aontas Oileáin Chomóra, Poblacht an Chósta Eabhair, Poblacht Fhidsí, Poblacht Ghána, Poblacht Háítí, Poblacht na Céinia, Ríocht Leosóta, Poblacht Mhósaimbíc, Poblacht na Namaibe, Poblacht Ruanda, Ríocht na Suasalainne, Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Uganda, Poblacht na Saimbia agus Poblacht na Siombáibe, ní dhearna siad na bearta is gá chun a gComhaontuithe faoi seach a dhaingniú.

(4) Dá thoradh sin, i bhfianaise Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007, agus go háirithe pointe (b) de, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun na tíortha sin a bhaint.

(5) Chun a áirithiú gur féidir comhpháirtithe a athshuíomh go tapa in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin chomh luath agus atá na bearta is gá chun a gComhaontuithe faoi seach a dhaingniú déanta acu, agus ar feitheamh ar a dteacht i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún Eorpach i ndáil le tíortha a baineadh d'Iarscríbhinn I a athshuíomh tríd an Rialachán seo. Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, ba cheart don Choimisiún Eorpach a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a

[1] IO L 330, 9.12.2008, lch. 1.
[2] IO L 348, 31.12.2007, lch. 1.

tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear isteach an tAirteagal 2a agus an tAirteagal 2b seo a leanas:

*'Airteagal 2a*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 2b chun Iarscríbhinn I a leasú trí na réigiúin nó na stáit sin ó Ghrúpa na Stát ACC a baineadh den Iarscríbhinn sin de bhua **[Rialacháin (AE) Uimh. …/…[3]]** agus a bhfuil na bearta is gá chun a gComhaontuithe faoi seach a dhaingniú déanta acu tar éis a mbaint d'Iarscríbhinn I, a athshuíomh.

*Airteagal 2b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse éiginnte ama ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2a don Choimisiún.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2a a chúlghairm tráth ar bith. Nuair a dhéantar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 2a i bhfeidhm ach amháin i gcás nár chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó fhógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an ngníomh sin nó i gcás, roimh dhul in éag na tréimhse sin, ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach gcuirfidh siad i gcoinne an ghnímh. Cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle'.

---

[3] IO L…,……,lch.

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

## 'IARSCRÍBHINN I

Liosta réigiún nó stát a bhfuil caibidlíocht tugtha i gcrích acu de réir bhrí Airteagal 2(2):

ANTIGUA AGUS BARBÚDA

COMHLATHAS NA mBAHÁMAÍ

BARBADÓS

AN BHEILÍS

COMHLATHAS DHOIMINICE

AN PHOBLACHT DHOIMINICEACH

GREANÁDA

COMHARPHOBLACHT NA GUÁINE

IAMÁICE

POBLACHT MHADAGASCAR

POBLACHT OILEÁN MHUIRÍS

STÁT NEAMHSPLEÁCH NUA-GHUINE PHAPUA

CÓNAIDHM SAN CRÍOSTÓIR-NIMHEAS

SAINT LUCIA

SAN UINSEANN AGUS NA GREANÁIDÍNÍ

POBLACHT NA SÉISÉAL

POBLACHT SHURANAM

POBLACHT OILEÁN NA TRÍONÓIDE AGUS TOBÁGA'

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON IONCAM**

## 1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 ón gComhairle maidir le roinnt tíortha a eisiamh ó liosta na réigiún nó na stát a bhfuil caibidlíochtaí tugtha i gcrích acu.

## 2. NA LÍNTE BUISÉID:

**Caibidil agus Airteagal:** Caibidil 12, Airteagal 120 (dleachtanna custaim)

**An méid arna bhuiséadú don bhliain 2011:** EUR 16 653 700 000

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☒ Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam – mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)

| Líne buiséid | Ioncam[4] | Tréimhse 1 bhliain dar tús 01/01/2014 | 2014 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 1 20 | *Acmhainní dílse – dleachtanna custaim* | | + 381.6 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2015 | 2016 | | | |

[4] A fhad a bhaineann le hacmhainní traidisiúnta dílse (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 25 % de chostais bhailiúcháin a bhaint astu. De réir an Chinnidh reatha maidir le hAcmhainní Dílse (Cinneadh (CE, Euratom) Uimh. 436/2007 ón gComhairle an 7 Meitheamh 2007 maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach (IO L 163, 23.6.2007, lgh. 17-21). D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin faoi réir athrú le teacht i bhfeidhm Cinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal 12 0 | + 381.6 | + 381.6 | | | |
| | | | | | |

## 4. BEARTA FRITH-CHALAOISE

Ní leasaítear leis an togra reatha ach amháin liosta na dtairbhithe i Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 agus ní bhaineann sé le bearta an Rialacháin maidir leis an gcomhrac in aghaidh calaoise.

## 5. BARÚLACHA EILE

I Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 tugadh rochtain saor ó dhleacht, saor ó chuóta do roinnt tíortha ar mhargadh an AE faoi choinníollacha áirithe. Leis an togra reatha leasaítear liosta na dtairbhithe (Iarscríbhinn I) atá sa Rialachán sin. Má bhaintear tír de liosta na dtairbhithe, onnmhaireoidh sí earraí chuig an AE faoi chóras trádála eile nach bhfuil chomh fabhrach nóar a mhéid nach bhfuil ach cothrom leis an gcóras arna thairiscint faoin Rialachán, rud a chiallaíonn go mbaileofar níos mó dleachtanna custaim thar ceann an AE.

Agus an tionchar ar bhuiséad an AE á ríomh glactar leis an staid arna cruthú le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 mar *status quo* (rochtain saor ó dhleacht, saor ó chuóta ar mhargadh an AE, dleachtanna ar bith á n-íoc). Ansin, i gcás gach tíre lena mbaineann, déantar comparáid idir an *status quo* agus na dleachtanna a íocfaidh gach tír faoi chóras trádála malartach, chomh luath agus a bhainfear í de liosta na dtairbhithe, atá mar seo a leanas:

- <u>i gcás na dtíortha is lú forbairt (LDCanna):</u> Socrú Gach Ní seachas Airm (EBA), lena dtairgtear rochtain saor ó dhleacht, saor ó chuóta ar mhargadh an AE (dleachtanna ar bith á n-íoc);
- <u>tíortha ard-mheánioncaim (UMICanna):</u> cóir na náisiún barrfhabhair (NBF) (dleachtanna á n-íoc de réir sceideal taraife ginearálta an AE)[5];
- <u>i gcás tíortha eile i mbéal forbartha (DCanna):</u> Córas na bhFabhar Ginearálaithe (GSP) lena gcuirtear taraifí ar fionraí nó lena laghdaítear iad (roinnt dleachtanna á n-íoc, roinnt á n-íoc ar ráta laghdaithe).

Tabhair faoi deara go mbraithfidh tionchar críochnaitheach bhuiséad an AE ar an méid tíortha a bhainfear de liosta na dtairbhithe. Leis an leasú reatha beartaítear 18 dtír a bhaint d'Iarscríbhinn I, nach dtairbheoidh 9 dtír díobh den scéim EBA agus bheadh a n-onnmhairí chuig an AE faoi réir dleachta dá bhrí sin. Mar sin féin, má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe sula dtagann an leasú i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2014, leanfaidh siad de thairbhe a bhaint as na fabhair trádála reatha. I ndáil leis seo, is uasmhéid atá san fhigiúr a thugtar, mar glacann sé leis go mbainfear gach ceann de na 9 dtír lena mbaineann den liosta: ar ndóigh, má

5 Ag glacadh leis go nglacfar le leasú an GSP (Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair taraife ginearálaithe).

leanann tír de thairbhiú den Rialachán, ní fhabhróidh na dleachtanna custaim chuig buiséad an AE agus beidh an figiúr níos ísle.

I dTábla 1 tugtar miondealú de thionchar buiséadach in aghaidh gach tíre lena mbaineann. Tá an ríomh bunaithe ar an mbliain 2009 agus glacann sé leis go bhfanann sreabhanna trádála tairiseach. Is léiriú ar stádas na tíre é méid na n-allmhairí indleachta, i.e. an córas trádála is infheidhme in éagmais na bhfabhar dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007. Déantar na dleachtanna custaim atá le fabhrú chuig buiséad an AE a ríomh trí mhéid na n-allmhairí indleachta (colún 4) a iolrú faoin gcorrlach fabhrach (arb ionann é agus an difríocht idir na rátaí dleachta is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 agus an córas trádála malartach, colún 5). Déanann an glanmhéid dleachtanna iomlán atá le fabhrú chuig buiséad an AE an t-olliomlán a laghdú faoi 25 % den chostas bailiúcháin a choimeádann na Ballstáit.

**Tábla 1:** Tionchar buiséadach in aghaidh gach tíre a bhféadfadh an leasú a mholtar ar Rialachán (CE) Uimh. 1528/2007 difear a dhéanamh di:

| *1* | *2* | *3* | *4* | *5* | *6 = 5*4* |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tír** | **Stádas tíre** | **Allmhairí AE** | **Allmhairí indleachta** | **Rialachán Fabhracha 1528/2007** | **Luach fabhracha (dleachtanna)** |
| | | *1000 EUR* | *1000 EUR* | *%* | *1000 EUR* |
| **An Bhotsuáin** | UMIC | 370.707 | 35.639 | 81,7 | 29.111 |
| **An Bhurúin** | LDC | 39.000 | 0 | 0 | 0 |
| **Camarún** | DC | 1.741.473 | 333.724 | 14,9 | 49.858 |
| **Oileáin Chomóra** | LDC | 9.000 | 0 | 0 | 0 |
| **Fidsí** | DC | 92.402 | 89.986 | 75,3 | 67.782 |
| **Gána** | DC | 1.087.880 | 376.548 | 10,3 | 38.654 |
| **Háítí** | LDC | 19.000 | 0 | 0 | 0 |
| **An Cósta Eabhair** | DC | 3.051.022 | 1.029.512 | 10,3 | 105.662 |
| **an Chéinia** | DC | 1.075.563 | 751.792 | 5,8 | 43.804 |
| **Leosóta** | LDC | 101.000 | 0 | 0 | 0 |
| **Mósaimbíc** | LDC | 679.000 | 0 | 0 | 0 |
| **an Namaib** | UMIC | 585.765 | 298.663 | 19,5 | 58.156 |
| **Ruanda** | LDC | 37.000 | 0 | 0 | 0 |
| **an tSuasalainn** | DC | 130.656 | 125.764 | 52 | 65.427 |
| **an Tansáin** | LDC | 348.000 | 0 | 0 | 0 |
| **Uganda** | LDC | 371.000 | 0 | 0 | 0 |
| **An tSaimbia** | LDC | 233.000 | 0 | 0 | 0 |
| **an tSiombáib** | DC | 234.992 | 167.459 | 30,1 | 50.365 |
| **IOMLÁN** | | | | | 508.819 |
| **IOMLÁN glan (tar éis costais bailiúcháin)** | | | | | 381.614 |

*Foinse: COMEXT (Eurostat), ríomhanna Ard-Stiúrthóireacht na Trádála*